# Tuilleadh Eolas

Má tá tuilleadh ceisteanna agat faoi do atreorú, do chóireáil nó an próiseas athbhreithnithe, labhair le do **Altraí Cliniciúla Speisialtóir**.

Tá roinnt freagraí cabhracha ar **ceisteanna coitianta** faoin athbhreithniú ar ailsí ceirbheacsacha ar an suíomh gréasáin:

**www.cancerscreening.hscni.net**

Tá tuilleadh faisnéise agus tacaíochta ar fáil ó **Jo's Cervical Cancer Trust** (tabhair cuairt ar a suíomh gréasáin ag www.jostrust.org.uk nó glaoigh ar 0808 802 8000) agus ar shuíomh gréasáin **Be Cancer Aware**:

**www.becancerawareni.info/resources/links**

HSC Public Health Agency

BÍ EOLACH I dTAOBH AN AILSE

www.becancerawareni.info

**Public Health Agency**
12-22 Linenhall Street, Belfast BT2 8BS.
Fón: 0300 555 0114 (tá praghsanna áitiúla i bhfeidhm)
www.publichealth.hscni.net

Faigh muid ar:

10/20

# Athbhreithniú a dhéanamh ar do Stair Scagadh Ceirbheacsach

**Faisnéis do mhná a ndearnadh diagnóis orthu le hailse cheirbheacs**



Scagadh Ceirbheacsach

Is féidir leis a bheith suaitheadh insint duit má tá ailse cheirbheacs ort. B'fhéidir go bhfuil imní agus éiginnte ort faoi cad a tharlóidh ina dhiaidh sin. D'fhéadfá a bheith ag fiafraí freisin cén fáth go bhfuil ailse cheirbheacs ort, go háirithe má bhí tástálacha scagtha agat (ar a dtugtar tástálacha smearaidh go minic) san am atá thart.

## Scagadh ceirbheacsach agus ailse

Laghdaíonn scagadh ceirbheacs an baol ailse cheirbheacs a fhorbairt. Féadann sé thart ar 75% d'ailsí ceirbheacsacha a chosc ó fhorbairt (3 as 4). Is é scagadh rialta an bealach is fearr le hathruithe a fháil ar an cheirbheacs go luath. Ach, cosúil le tástálacha scagtha eile, níl sé foirfe. Ní féidir le scagadh gach cás aonair ailse ná réamh-ailse a aithint.



# Athbhreithniú a dhéanamh ar do stair scagtha roimhe seo

Is éard atá in athbhreithnithe ná féachaint ar a tharla san am atá thart. Is cuid thábhachtach agus ghnáthamh iad de gach clár scagtha ar ardchaighdeán. Féadann athbhreithnithe a thaispeáint dúinn cé chomh maith agus atá an clár scagtha ag obair agus cá bhféadfaí feabhas a dhéanamh.

Tá go leor céimeanna éagsúla i gceist leis an bpróiseas scagtha ceirbheacs a bhfuil sé mar aidhm aige cealla neamhghnácha a aimsiú agus a chóireáil ar an cheirbheacs, chun ailse cheirbheacs a chosc ó fhorbairt. I bhformhór na gcásanna, taispeánfaidh athbhreithniú gur leanadh gach céim go héifeachtúil agus gur fhorbair ailse cheirbheacs ainneoin go raibh an clár scagtha ag obair i gceart. Uaireanta, d'fhéadfadh sé a fháil amach in athbhreithniú nár oibrigh céim amháin nó níos mó sa phróiseas chomh maith agus ba chóir dóibh. Cuideoidh athbhreithniú ar do chás-stair agus tástálacha roimhe seo le fáil amach cad a tharla agus d'fhéadfadh sé a thaispeáint cén áit a bhféadfaimis feabhsúcháin a dhéanamh.



Tógann athbhreithniú suas le sé mhí. Cuirfidh d'Iontaobhas Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh in iúl duit nuair a bheidh na torthaí ar fáil. Ansin is féidir leat cinneadh a dhéanamh ar mhaith leat torthaí an athbhreithnithe a fháil. Féadfaidh do dhochtúir coinne a thairiscint duit chun labhairt faoi thorthaí an athbhreithnithe.